Nóta breise; An Coimisinéir Teanga, Seán Ó Cuirreáin ag an Comhchoiste um Fhormhaoirsiú ar an tSeirbhís Phoiblí agus Achainíocha de chuid Thithe an Oireachtais, 4 Nollaig 2013, 4.15pm.

An Coimisinéir Teanga

Beidh 10 mbliana caite agam i mbun oibre mar Choimisinéir Teanga i ndeireadh mhí Feabhra seo chugainn. Cé go bhfuil 2 bhliain eile fágtha i mo thréimhse ceapacháin, creidim i mo chroí istigh i bhfianaise na faisnéise atá curtha in bhur láthair agam anseo inniu gur beag eile a d'fhéadfainn a bhaint amach go pearsanta sa tréimhse ama sin i dtaca le cearta teanga phobal na Gaeilge agus na Gaeltachta. Is trua liom a rá, mar sin, go bhfuil cinneadh déanta agam seasamh siar ó mo cheapachán mar Choimisinéir Teanga ar an 23 Feabhra seo chugainn. Tá an cinneadh seo curtha in iúl inniu agam i scríbhinn d'Uachtarán na hÉireann mar a leagtar síos sa dlí.

Ba mhaith liom ag an tráth seo mo bhuíochas a chur in iúl dóibh siúd ar fad a chuidigh liom le linn na mblianta atá caite agam i mbun chúraimí an phoist seo – go háirithe foireann bheag dhíograiseach na hOifige. Glacaim buíochas leo sin ar fad i réimse na polaitíochta agus sa státchóras a thacaigh lenár gcuid oibre. Ba mhór agam an tacaíocht in imeacht na mblianta ó na meáin chumarsáide, go speisialta iriseoirí na Gaeilge, ó na heagrais Ghaeilge agus Ghaeltachta, ón lucht acadúil, uathu sin a chuir comhairle orm go gairmiúil nó go deonach, ó choimisinéirí teanga eile as gach cearn den domhan, ó bhaill den státseirbhís agus den tseirbhís phoiblí, ó chairde agus ó gach duine eile a chuidigh linn.

Thar aon ní eile, ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghlacadh le pobal na Gaeilge agus na Gaeltachta as an mhuinín a chur siad ionam féin agus i bhfoireann na hOifige le 10 mbliana anuas.

Mo bhuíochas fosta leatsa, a Chathaoirligh, agus le baill an Chomhchoiste as éisteacht liom inniu.

Go raibh mile maith agaibh.

An Coimisinéir Teanga

NÓTA EOLAIS

Bunaíodh Oifig an Choimisinéara Teanga le reachtaíocht beagnach 10 mbliana ó shin le trí cinn de chúraimí reachtúla: feidhmiú mar sheirbhís ombudsman agus mar ghníomhaireacht ghéilliúlachta i dtaca le seirbhísí stáit trí Ghaeilge agus le comhairle a sholáthar i dtaca le cearta agus dualgais teanga.

Uachtarán na hÉireann a cheap Seán Ó Cuirreáin ina chéad Choimisinéir Teanga ar chomhairle an Rialtais agus le tacaíocht Thithe an Oireachtais ar an 23 Feabhra 2004. Athcheapadh ar an mbealach céanna é do thréimhse eile 6 bliana ar an 23 Feabhra 2010.

CEANNLÍNTE le 10 mbliana anuas:

- Gearáin ... 6,089 go dtí an 30 Samhain 2013, (28% ón Ghaeltacht).
- Bhain 22% de na gearáin le Ranna agus Oifigí Rialtais, 32% le húdaráis áitiúla, an chuid eile le réimse leathan eagraíochtaí stáit
- 1,856 iarratas ar chomhairle i dtaca le dualgais teanga ó eagraíochtaí stáit
- 96 imscrúdú foirmiúil seolta
- 213 léirmheas/iniúchadh déanta ar scéimeanna teanga
- 9 gcinn de thuarascálacha bliantúla agus ráitis iniúchta airgeadais foilsithe
- 6 thuarascáil speisialta curtha i láthair Thithe an Oireachtais
- Suíomh gréasáin forbartha mar ionad ilfhreastail i dtaca le gach a mbaineann le cearta agus dualgais teanga
- Cairt Cearta Teanga foilsithe
- Treoirleabhair ar Acht na dTeangacha Oifigiúla foilsithe
- Moltaí faoi leasuithe ar Acht na dTeangacha Oifigiúla foilsithe
- Feachtais fógraíochta teilifíse ar chearta teanga eagraithe agus craolta
- Acmhainn oideachais ar Chearta Teanga don chúrsa san Oideachas Saoránach, Sóisialta agus Polaitiúil (OSSP) sa Teastas Sóisearach forbartha agus scaipthe ar scoileanna
- Ócáid cearta teanga i gcuimhne ar Mhaolra Seoighe agus dúnmharuithe Mhám Trasna eagraithe i nGaillimh
- Páirtíocht in iliomad ócáidí i dtaca le forbairt feasachta ar chearta agus dualgais teanga
- Léachtaí ar chearta teanga tugtha i mbeagnach gach institiúid oideachais tríú leibhéal in Éirinn
- Cúnamh tugtha go rialta le taighde náisiúnta agus idirnáisiúnta ar chearta agus ar dhualgais teanga
- Comhairle agus traenáil curtha ar fáil tríd an OSCE do bhunú oifig coimisinéara teanga sa Chosaiv i gcomhar le Rialtas na Cosaive
- Comhdháil idirnáisiúnta ar chearta teanga eagraithe i mBaile Átha Cliath
- Réamhghníomhach i dtaca le Cumann Idirnáisiúnta do Choimisinéirí Teanga an domhain a bhunú.